Gorm Gorm Gorm

Gorm, gorm, gorm iad
An fharraige is an spéir
Seo linn chuig an gcladach síos
Ag spraoi is ag déanamh aeir

Tabhair dom tuáille,
Sluasaid is buicéad
Gorm, gorm, gorm iad
An fharraige is an spéir

Bíonn an t-uisce fuar ar dtús
Ansin bíonn sé go breá

Clúdaigh Daid le gaineamh
Dúiseoidh sé ar ball
Sliogáin, caisleáin is portáin
Ar fud na trá

Tabhair dom tuáille,
Sluasaid is buicéad
Gorm, gorm, gorm iad,
Gorm, gorm, gorm iad,
Gorm, gorm, gorm iad,
An fharraige is an spéir.

©1997 & 2004 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin